AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.11.2016
COM(2016) 851 final

2016/0361 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 i ndáil le cumas ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2016) 377}
{SWD(2016) 378}

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

| |
|---|
| Na leasuithe atá sé beartaithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) 806/2014 (an Rialachán maidir le Sásra Réitigh Aonair nó SRMR), is cuid de phacáiste reachtaíochta iad lena n-áirítear freisin leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRR), ar Threoir 2013/36/AE (an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRD), agus ar Threoir 2014/59/AE (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc nó TTRB). |

Le blianta beaga anuas tá athchóiriú suntasach curtha chun feidhme ag an Aontas Eorpach ar chreat rialála na seirbhísí airgeadais d'fhonn feabhas a chur ar athléimneacht na n-institiúidí airgeadais san Aontas, athchóiriú atá bunaithe den chuid is mó ar chaighdeáin dhomhanda a comhaontaíodh le comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais. Go háirithe, áiríodh sa phacáiste athchóiriúcháin Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRR) agus Treoir 2013/36/AE (an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRD) maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí agus maidir le maoirseacht a dhéanamh orthu, Treoir 2014/59/AE (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc nó TTRB), maidir le téarnamh agus réiteach institiúidí agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 maidir leis an Sásra Réitigh Aonair (SRM).

Rinneadh na bearta sin mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais a tháinig chun cinn in 2007-2008. Toisc nárbh ann do chreata leordhóthanacha bainistithe agus réitithe géarchéime b'éigean do rialtais ar fud an domhain na bainc a tharrtháil de dhroim na géarchéime airgeadais. I bhfianaise an tionchair a bhí aige sin ar an airgeadas poiblí agus i ngeall ar an dreasacht neamh-inmhianaithe na costais a bhaineann le cliseadh bainc a phríobháidiú a tháinig de, is léir go bhfuil gá le cur chuige eile chun géarchéimeanna banc a bhainistiú agus chun cobhsaíocht airgeadais a chosaint.

Bunaíodh san Aontas, agus i gcomhréir leis na bearta suntasacha a comhaontaíodh agus a rinneadh ar an leibhéal idirnáisiúnta, Treoir 2014/59/AE (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc nó TTRB)[1] agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 maidir leis an Sásra Réitigh Aonair (SRMR)[2], bunaíodh creat stóinsithe um réiteach banc chun géarchéimeanna banc a bhainistiú ar bhonn éifeachtach agus chun an tionchar diúltach a bhíonn acu ar chobhsaíocht airgeadais agus ar an airgeadas poiblí a laghdú. Bunchloch de chuid an chreata nua um réiteach is ea an "tarrtháil inmheánach" arb é atá i gceist léi fiachas a dhíluacháil nó éilimh ar fhiacha nó dliteanais eile a chomhshó ina ngnáthscaireanna de réir ordlathas réamhshainithe. Is féidir feidhm a bhaint as an uirlis sin chun caillteanais institiúide a ionsú nó chun í a athchaipitliú go hinmheánach, más institiúid í atá i mbéal cliseadh nó ar dóigh di cliseadh, ionas go mbeidh sí inmharthana athuair. Dá bhrí sin, is ar scairshealbhóirí agus ar chreidiúnaithe eile seachas ar cháiníocóirí a thitfidh an t-ualach i gcás cliseadh institiúide.

1 Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, IO L 173, 12.6.2014, lch. 190

2 Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, IO L 225, 30.7.2014, lch. 1

Murab ionann agus dlínsí eile, tá sainordú tugtha d'údaráis réitigh cheana féin, de thoradh chreat an Aontais um théarnamh agus réiteach banc, íoscheanglas a shocrú do gach institiúid creidmheasa agus gnólacht infheistíochta ('institiúid'), is é sin íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI), arb é atá iontu dliteanais atá an-intarrthála go hinmheánach a úsáidfear chun caillteanais a ionsú agus chun institiúidí a athchaipitliú i gcás ina gclisfidh orthu. Ghlac an Coimisiún le déanaí an reachtaíocht tharmligthe a bhaineann le cur chun feidhme praiticiúil an cheanglais seo[3].

Ar an leibhéal domhanda, d'fhoilsigh an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB) Bileog Téarmaí ('caighdeán TLAC') an chumais iomláin ionsúcháin caillteanais (TLAC) an 9 Samhain 2015 a glacadh seachtain ina dhiaidh sin ag cruinniú mullaigh G20 sa Tuirc[4]. De réir chaighdeán TLAC, ní mór do na bainc a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo ('G-SIBanna'), dá ngairtear institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo ('G-SIIanna') i reachtaíocht an Aontais, ní mór dóibh méid leordhóthanach dliteanas ardionsúcháin caillteanais (atá intarrthála go hinmheánach) a bheith ina seilbh chun a áirithiú go n-ionsófar na caillteanais go rianúil agus go tapa agus go ndéanfar athchaipitliú i gcás réitigh. Sa teachtaireacht uaidh an 24 Samhain 2015[5], gheall an Coimisiún go gcuirfeadh sé togra reachtach chun cinn faoi dheireadh na bliana seo, ionas go bhféadfar caighdeán TLAC a chur chun feidhme faoin sprioc-am a comhaontaíodh, mar atá 2019. Ar a bharr sin, gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé athbhreithniú ar na rialacha maidir leis an ICDI atá ann cheana d'fhonn is go mbeidís go hiomlán comhsheasmhach le caighdeán TLAC, a comhaontaíodh ar an leibhéal náisiúnta, trí thorthaí na tuarascála is gá don Údarás Baincéireachta Eorpach a sholáthar don Choimisiún faoi Airteagal 45(19) de TTRB a chur san áireamh. D'fhoilsigh ÚBE leagan eatramhach den tuarascáil sin cheana an 19 Meitheamh 2016[6] agus táthar ag súil leis go ndéanfar an tuarascáil deiridh a chur isteach i rith mhí na Nollag 2016.

Cé gur bailí do chreata ginearálta TTRB agus SRMR fós agus cé gur creat fónta fós é, is é is príomhchuspóir don togra seo caighdeán TLAC a chur chun feidhme agus ceanglas TLAC a chomhtháthú leis na rialacha ginearálta maidir leis an ICDI tríd an dúbailt a sheachaint a thiocfadh chun cinn dá gcuirfí dhá cheanglas threomhara i bhfeidhm. Ar a shon go bhfuil an cuspóir rialála céanna ag an TLAC agus atá ag an ICDI, mar sin féin tá roinnt difríochtaí eatarthu maidir leis an gcaoi ar ceapadh iad. Ní amháin go gcumhdaíonn raon feidhme ICDI na G-SIIanna, cumhdaíonn sé freisin tionscal baincéireachta uile an Aontais. Murab ionann agus caighdeán TLAC, a bhfuil íosleibhéal comhchuibhithe áirithe ann, is iad na húdaráis réitigh a chinneann leibhéal an ICDI ar bhonn sainmheasúnú ar gach institiúid, ceann ar cheann. Ar deireadh, ba cheart íoscheanglas TLAC a chomhlíonadh i bprionsabal le hionstraimí fiachais fho-ordaithe, cé go bhféadfadh údaráis réitigh, chun críocha an ICDI, fo-ordú ionstraimí fiachais a éileamh ar bhonn cás ar chás a mhéid is gá sin chun a áirithiú in aon chás faoi leith nach gcaithfí níos measa le creidiúnaithe a tarrtháladh go hinmheánach seachas mar a chaithfí leo i gcás dócmhainneachta (is cás é sin atá frithfhíorasach i dtaca le réiteach

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1450 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir a bhaineann leis an modheolaíocht chun íoscheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a shocrú, IO L 237, 3.9.2016, lch. 1

[4] FSB, *Prionsabail maidir le Cumas Ionsúcháin Caillteanais agus Cumas Athchaipitliúcháin na mBanc a bhfuil Tábhacht Shistéamach Domhanda leo (G-SIBanna) atá á Réiteach, Bileog Téarmaí an Chumais Iomláin Ionsúcháin Caillteanais (TLAC)* , 9.11.2015

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún, *"I dTreo an tAontas Baincéireachta a Thabhairt chun Críche"*, 24.11.2015, COM(2015) 587 final.

[6] https://www.eba.europa.eu/documents/10180/1360107/EBA+Interim+report+on+MREL

de). Chun go mbeidh creat simplí trédhearcach ann lena gcuirfear deimhneacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht ar fáil, is é atá á mholadh ag an gCoimisiún caighdeán TLAC a chomhtháthú leis na rialacha ICDI atá ann cheana agus a áirithiú go ndéanfar an dá cheanglas sin a chomhlíonadh trí bhíthin ionstraimí atá mórán mar an gcéanna. De thoradh an chur chuige sin, ba ghá coigeartuithe teoranta a dhéanamh ar na rialacha ICDI atá ann cheana, chun go n-áiritheofaí comhsheasmhacht theicniúil le struchtúr an uile cheanglais a leagfar ar G-SIIanna amach anseo.

Go háirithe, tá gá lena thuilleadh leasuithe iomchuí teicniúla a dhéanamh ar na rialacha ICDI atá ann cheana chun iad a ailíniú le caighdeán TLAC i dtaca leis na nithe seo a leanas *inter alia*: na hainmneoirí a úsáidtear chun cumas ionsúcháin caillteanais a thomhas, idirghníomhú le ceanglais maoláin chaipitil, nochtadh rioscaí d'infheisteoirí agus an chaoi a gcuirtear i bhfeidhm iad i ndáil le straitéisí éagsúla réitigh. Agus caighdeán TLAC á chur chun feidhme ar na G-SIIanna, ní dhéanfaidh an cur chuige a leanfaidh an Coimisiún difear ábhartha don ualach a bheidh ar institiúidí nach G-SIIanna iad na forálacha a bhaineann leis an ICDI a chomhlíonadh.

Ó thaobh na hoibríochta, déanfar íosleibhéal comhchuibhithe chaighdeán TLAC a thabhairt isteach san Aontas le leasuithe ar an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil agus ar an Treoir maidir leo (CRR agus CRD)[7] agus tabharfar isteach forlíontán institiúid-sonrach do G-SIIanna agus ICDI institiúid-sonrach d'eintitis nach G-SIIanna iad le leasuithe spriocdhírithe ar TTRB agus ar SRMR. Mar sin, is cuid d'athbhreithniú níos mó an togra seo, athbhreithniú ar reachtaíocht airgeadais an Aontais a bhfuil sé d'aidhm aige rioscaí san earnáil airgeadais a laghdú (athbhreithniú ar CRR/CRD) agus cur le hathléimneacht na hearnála.

Cumhdaíonn an togra seo go sonrach na leasuithe atá dírithe ar SRMR agus a bhaineann le cur chun feidhme chaighdeán TLAC san Aontas. Beidh feidhm ag an Togra seo maidir leis an mBord Réitigh Aonair (SRB) agus le húdaráis náisiúnta na mBallstát atá rannpháirteach sa Sásra Réitigh Aonair (SRM) agus iad ag socrú agus ag cur chun feidhme na gceanglas maidir le cumas ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin gnólachtaí airgeadais atá san Aontas Baincéireachta.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an gcreat um réiteach banc atá i bhfeidhm san Aontas cheana féin ceanglaítear ar na bainc Eorpacha uile méid leordhóthanach dliteanas ardionsúcháin caillteanais (atá intarrthála go hinmheánach) a bheith ina seilbh. Ach an ceanglas maidir le G-SIIanna atá ann faoi láthair a ailíniú le caighdeán domhanda TLAC, tiocfaidh den togra seo feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm na rialacha atá ann faoi láthair agus an chaoi sin a éascú. Dá bhrí sin, tá an togra comhsheasmhach le cuspóir foriomlán an chreata um réiteach banc atá i bhfeidhm san Aontas, mar atá méid na tacaíochta ó cháiníocóirí a laghdú i gcás ina réitítear banc. Tá an togra seo iomlán comhsheasmhach leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh BRRD a leasú i ndáil leis na rialacha maidir le hionsú caillteanais agus athchaipitliú banc is infheidhme san Aontas.

[7] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, IO L 176, 27.6.2013, lch. 1; Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE, IO L 176, 27.6.2013, lch. 338

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is cuid d'athbhreithniú níos mó an togra seo, athbhreithniú ar reachtaíocht airgeadais an Aontais a bhfuil sé d'aidhm aige rioscaí san earnáil airgeadais a laghdú agus maoiniú inbhuanaithe na gníomhaíochta eacnamaíche a chur chun cinn. Tá sé go hiomlán comhsheasmhach le bunchuspóirí an Aontais Eorpaigh, mar atá cobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn, méid na tacaíochta ó cháiníocóirí a laghdú i gcás ina réitítear banc agus cur le maoiniú inbhuanaithe an gheilleagair.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Sa Rialachán atá beartaithe, leasaítear Rialachán atá ann cheana féin, mar atá SRMR. Is ionann bunús dlí an togra seo agus bunús dlí SRMR, eadhon Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ceadaítear leis an bhforáil sin bearta a ghlacadh chun forálacha náisiúnta a chomhfhogasú arb é is cuspóir dóibh bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Comhchuibhítear leis an togra na dlíthe náisiúnta na mBallstát atá rannpháirteach in SRA maidir le téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, go háirithe i dtaca lena gcumas ionsúcháin caillteanais agus a gcumas athchaipitliúcháin i gcás réitigh, a mhéid is gá sin chun a áirithiú go bhfuil na huirlisí céanna agus an cumas céanna ag SRA agus ag údaráis náisiúnta na mBallstát atá rannpháirteach in SRA agus ag bainc an Aontais d'fhonn aghaidh a thabhairt ar chliseadh banc i gcomhréir leis na caighdeáin a comhaontaíodh ar an leibhéal náisiúnta (caighdeán TLAC).

Trí cheanglais chomhchuibhiúcháin a shocrú do bhainc i mBallstáit atá rannpháirteach in SRA, laghdóidh an togra seo an riosca go mbeidh rialacha náisiúnta éagsúla maidir le cumas ionsúcháin caillteanais agus cumas athchaipitliúcháin i gcás réitigh i bhfeidhm sna Ballstáit sin, rud a d'fhéadfadh an iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh inmheánach. Is é is cuspóir don togra, dá bhrí sin, bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí cuí.

- **Coimhdeacht**

Faoi phrionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5.3 den CAE, níor cheart don Aontas gníomhú i réimsí nach dtagann faoina inniúlacht eisiach, ach amháin mura féidir agus a mhéid nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an bhirt arna bheartú a ghnóthú go leordhóthanach, bíodh sé ar leibhéal láir nó ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil, ach gur féidir, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí an bhirt arna bheartú, na cuspóirí sin a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais.

Tá an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát, go háirithe na Ballstáit atá rannpháirteach in SRA, tiomanta na caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun feidhme. Mura mbeadh an ghníomhaíocht sin ar leibhéal an Aontais, ba é ab éigean do na Ballstáit a dhéanamh caighdeáin dhomhanda TLAC a chur chun feidhme as a stuaim féin ina ndlínsí féin agus gan an chaoi acu ar an gcreat atá ann faoi láthair a eascraíonn ó TTRB agus ó SRMR a leasú. Dá thoradh sin, i bhfianaise na ndifríochtaí tábhachtacha idir caighdeán TLAC agus an creat atá

ann faoi láthair mar aon leis an léamh éagsúil a d'fhéadfadh rialtóirí náisiúnta a dhéanamh ar bhileog téarma TLAC, bheadh na bainc, go háirithe G-SIIanna, faoi réir dhá cheanglas chomhthreomhara (agus bheadh ceanglas TLAC á chur i bhfeidhm ar bhealach éagsúil ó Bhallstát go chéile), rud a chuirfeadh costais bhreise ar na bainc agus ar na húdaráis phoiblí (údaráis mhaoirseachta agus réitigh) araon. Is inmhianaithe, dá bhrí sin, gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun caighdeán domhanda TLAC a chur chun feidhme ar bhealach comhchuibhithe sna atá rannpháirteach in SRA agus chun an creat atá ann faoi láthair a ailíniú leis an gcaighdeán sin ionas go bhféadfar na costais chomhlíonta atá ar na bainc agus na húdaráis phoiblí a mhaolú oiread agus is féidir agus go bhféadfar réiteach éifeachtach a áirithiú i gcás ina gclisfidh ar na bainc.

- **Comhréireacht**

Faoi phrionsabal na comhréireachta, níor cheart inneachar agus foirm ghníomhaíocht an Aontais a bheith os cionn a bhfuil riachtanach chun a chuid cuspóirí a bhaint amach ar shlí atá comhsheasmhach le cuspóirí foriomlána na gConarthaí.

Agus caighdeán TLAC á chur i bhfeidhm ar na G-SIIanna, ní dhéanfar difear ábhartha, de thoradh an togra, don ualach atá ar na bainc cloí leis na rialacha atá ann faoi láthair maidir le cumas ionsúcháin caillteanais agus le cumas athchaipitliúcháin ar an ábhar nach ndéantar leis an togra raon cur i bhfeidhm íosleibhéal TLAC a leathnú thar na G-SIIanna. Ina theannta sin, leis an togra teorannaítear go mór na costais a chuirfear ar na bainc, go háirithe ar na G-SIIanna, i dtaca le caighdeán TLAC a chomhlíonadh trí na rialacha atá ann cheana a ailíniú a oiread is féidir leis an gcaighdeán sin. Ar deireadh, leis an togra ní leathnaítear raon cur i bhfeidhm íosleibhéal TLAC thar na G-SIIanna. Go deimhin, i gcás eintitis nach G-SIIanna iad, coinnítear leis an togra seo an prionsabal foriomlán atá ann cheana lena n-éilítear go gcuirfí cáilíocht agus leibhéal an cheanglais maidir le hionsú caillteanais agus le hathchaipitliú in oiriúint do gach banc faoi leith de réir an riosca a ghabhann leis, de réir a mhéide, de réir a idirnascthachta agus de réir na straitéise réitigh a roghnaíodh. I dtaca le G-SIIanna atá faoi réir íosleibhéal TLAC, leis an togra éilítear ar SRA agus ar na húdaráis réitigh, sula n-iarrfaidh siad forlíontán sonrach ar aon institiúid, go measfaidh siad an bhfuil forlíontán den sórt sin riachtanach, comhréireach agus bonn cirt leis. Dá bhrí sin, tá forálacha an togra comhréireach lena bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

### Measúnú tionchair

Ós rud é gur cuid d'athbhreithniú níos mó é an togra seo, athbhreithniú ar reachtaíocht airgeadais an Aontais a bhfuil sé d'aidhm aige rioscaí san earnáil airgeadais a laghdú (athbhreithniú ar CRR/CRD), rinneadh measúnú tionchair cuimsitheach air. Cuireadh an dréacht-tuarascáil ar an measúnú tionchair faoi bhráid Bhord um Ghrinnscrúdú Rialála an Choimisiúin an 7 Meán Fómhair 2016[8]. Thug an Bord tuairim dhiúltach uaidh [dáta]. Tar éis an bonn fianaise atá le gnéithe áirithe den phacáiste athbhreithniúcháin a neartú, d'eisigh an Bord tuairim dhearfach an 27 Meán Fómhair 2016.

I gcomhréir lena bheartas "Rialáil Níos Fearr", rinne an Coimisiún measúnú tionchair ar roinnt roghanna beartais. Rinneadh measúnú ar na roghanna beartais i gcomparáid leis na príomhchuspóirí atá ann, mar atá cur le cumas ionsúcháin caillteanais agus le cumas athchaipitliúcháin na mbanc atá faoi réiteach, an chinnteacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht

8 [Nasc chuig an Measúnú Tionchair agus chuig an achoimre a ghabhann leis]

an chreata réitigh. Is éard a rinneadh sa mheasúnú sin éifeachtacht na gcuspóirí thuasluaite agus cost-éifeachtúlacht cur chun feidhme na roghanna beartais éagsúla a bhreithniú.

Maidir le caighdeán TLAC a chur chun feidhme san Aontas, breithníodh trí cinn de roghanna beartais mar chuid den mheasúnú tionchair. Faoin gcéad rogha díobh sin, bheadh feidhm fós ag TTRB agus SRMR, mar atá sé faoi láthair. Faoin dara rogha, dhéanfaí caighdeán TLAC do G-SIIanna a chomhtháthú leis an gcreat réitigh atá ann faoi láthair, agus dhéanfaí an creat sin a leasú de réir mar is iomchuí lena áirithiú go mbeadh sé go hiomlán comhoiriúnach le caighdeán TLAC. Is é a moladh faoin tríú rogha raon íosleibhéal TLAC a leathnú, sa bhreis air sin, go hinstitiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéimeach leo san Aontas (O-SIIanna) seachas na G-SIIanna. Baineadh de thátal as an measúnú tionchair gur leis an dara rogha díobh sin is fearr is féidir na cuspóirí beartais a bhaint amach. Go sonrach, murab ionann agus an chéad rogha, áirithítear de thairbhe an dara rogha cur chun feidhme comhchuibhithe chaighdeán TLAC i gcás G-SIIanna uile an Aontais trí laghdú a dhéanamh ar na costais a bheidh orthu de thoradh an dá cheanglas éagsúla (caighdeán TLAC agus TTRB agus SRMR atá ann cheana) a chomhlíonadh agus cuirtear ar fáil léirmhíniú comhsheasmhach ar bhileog téarma TLAC ar fud an Aontais Eorpaigh. De thairbhe na rogha seo, méadófar inréititheacht na G-SIIanna san Aontas agus cuirfear cosc le héifeachtaí gabhála a eascraíonn ó thras-sealúchais G-SIIanna a bhuí le rialacha sonracha chaighdeán TLAC nach bhforáiltear dóibh faoi láthair i TTRB agus SRMR (i.e. íosleibhéal TLAC i bhfoirm ionstraimí fiachais fho-ordaithe, asbhaint thras-sealúchais ionstraimí incháilithe TLAC atá ina seilbh ag na G-SIIanna). Leis an rogha seo áiritheofar cur chun feidhme chaighdeán TLAC san Aontas, agus bheifí ag súil leis murab ionann agus riamh go ndéanfaí amhlaidh i ndlínsí eile d'fhonn inréititheacht na G-SIIanna a neartú ar bhonn domhanda. Ar an taobh eile, is fearr an rogha beartais seo ná an tríú rogha ar an ábhar nach mbeidh de mhíbhuntáiste léi íosleibhéal TLAC a leathnú go bainc eile seachas na G-SIIanna (O-SIIanna). Go deimhin, d'fhéadfaí nach mbeadh an t-íosleibhéal TLAC calabraithe mar ba cheart do na heintitis sin i bhfianaise a éagsúla atá siad i dtaca le méid, samhail ghnó, idirnascthacht agus tábhacht shistéamach de.

**Cearta bunúsacha**

Leis an togra seo comhlíontar na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go sonrach na cearta chun maoine agus an tsaoirse chun gnó a sheoladh, agus ní mór é a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin. Go háirithe, áirithítear leis an Rialachán seo nár cheart aon chur isteach a dhéanfaí ar chearta maoine na gcreidiúnaithe bainc a bheith díréireach. Níor cheart gur mhó na caillteanais a thabhódh na creidiúnaithe dá ndéantar difear ná na caillteanais a thabhóidís dá ndéanfaí an institiúid a fhoirceannadh de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta tráth déanta an chinnidh maidir le réiteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní dhéanfaidh an togra difear do bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

**Míniú mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Mar a míníodh thuas, áireofar sna leasuithe ar CRR, ar cuid den phacáiste reachtaíochta céanna iad, na rialacha maidir le híoscheanglas TLAC do G-SIIanna agus pléann an togra seo le forlíontán institiúid-sonrach do G-SIIanna agus leis na ceanglais ghinearálta is infheidhme maidir le bainc atá suite san Aontas. Tugtar isteach leis an togra seo roinnt leasuithe sprioc-dhírithe ar an leagan de SRMR atá ann cheana.

*Leasuithe ar Airteagal 3, ar Airteagal 8 agus ar Airteagal 9 de SRMR*

Aithnítear i gcaighdeán TLAC agus i TTRB agus SRMR straitéisí réitigh an "Phointe Iontrála Aonair" ('SPE') agus na "nIlphointí Iontrála" ('MPE'). Faoi straitéis SPE, ní dhéantar réiteach ach ar aon ghrúpeintiteas amháin (go hiondúil ar an máthairchuideachta); maidir leis na grúpeintitis eile (ar fochuideachtaí oibriúcháin iad, de ghnáth) ní chuirtear iad sin faoi réiteach: aistríonn siad a gcaillteanais chuig an eintiteas réamhtheachtach lena réiteach. Faoi straitéis MPE, féadfar níos mó ná aon eintiteas amháin a réiteach. Is den tábhacht eintitis atá le réiteach ('entitis réitigh') agus fochuideachtaí a ghabhann leo ('grúpaí réitigh') a aithint go soiléir ionas gur féidir an straitéis réitigh a theastaíonn a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Ar a bharr sin, is den tábhacht iad a aithint freisin ionas gur féidir a chinneadh cén leibhéal cur i bhfeidhm ba cheart do ghnólachtaí airgeadais a chomhlíonadh i dtaca leis na rialacha maidir le cumas ionsúcháin caillteanais agus athchaipitiliú. Ar an ábhar sin, tugtar isteach leis na leasuithe ar Airteagal 3 de SRMR na coincheapa 'entiteas réitigh' agus 'grúpa réitigh'. Leis na leasuithe ar Airteagal 8 agus ar Airteagal 9 a bhaineann le pleananna réitigh grúpa, ceanglaítear go sainráite ar na húdaráis réitigh na heintitis réitigh agus na grúpaí réitigh laistigh de ghrúpa airgeadais a aithint agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh bheith ag aon ghníomhaíocht réitigh laistigh de ghrúpa atá beartaithe a mheas mar is iomchuí chun réiteach grúpa éifeachtach a áirithiú.

*Leasuithe ar Airteagal 12 de SRMR*

Déantar Airteagal 12 a aisghairm agus cuirtear na forálacha nua seo a leanas ina ionad: Airteagail 12, 12a, 12b, 12c, 12d, 12e, 12f, 12g, 12h, 12i agus 12j.

In Airteagal 12 socraítear an creat institiúideach i ndáil le cur i bhfeidhm an íoscheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe tríd an mbéim a leagan ar róil SRB, an réiteach náisiúnta agus údaráis inniúla na mBallstát atá rannpháirteach.

Faoi láthair, déantar an tÍoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI) institiúid-sonrach a thomhas mar chéatadán de dhliteanais iomlán na hinstitiúide i gceist. Leis an leasú ar Airteagal 12a, déantar paraiméadair thomhas an ICDI a ailíniú le paraiméadair thomhais an íoscheanglais chomchuibhithe do G-SIIanna mar a fhoráiltear dóibh i gcaighdeán TLAC ('íoscheanglas TLAC'). Ba cheart, dá bhrí sin, an ceanglas institiúid-shonrach a shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca agus thomhas neamhchosanta chóimheas giarála na hinstitiúide lena mbaineann.

Le hAirteagal 12b coinnítear an díolúine ón ICDI atá ann cheana i gcás institiúidí creidmheasa morgáiste ar choinníoll go bhforáiltear sna nósanna imeachta dócmhainneachta náisiúnta nó i nósanna imeachta dá samhail do na creidiúnaithe sin a bhfuil na cuspóirí réitigh á gcomhlíonadh acu caillteanais a ionsú go héifeachtach. Soiléirítear freisin san Airteagal nár cheart institiúidí ag a bhfuil díolúine ón ICDI a áireamh mar chuid den cheanglas comhdhlúite foriomlán ar leibhéal an ghrúpa réitigh.

Sonraítear in Airteagal 12c na critéir incháilitheachta do na hionstraimí agus na hítimí a d'fhéadfaí a chur san áireamh chun an tICDI a chomhlíonadh trína n-ailíniú go dlúth leis na critéir incháilitheachta dá bhforáiltear i gcaighdeán TLAC d'íoscheanglas TLAC. Is ionann, dá bhrí sin, na critéir sin cé is moite díobh seo a leanas.

Maidir le raon feidhme na n-ionstraimí a chumhdaítear, is incháilithe ionstraimí áirithe ag a bhfuil gnéithe díorthacha, amhail nótaí struchtúrtha, is incháilithe iad chun an tICDI a chomhlíonadh ar an ábhar go bhféadfadh cumas leordhóthanach ionsúcháin caillteanais a bheith acu i gcás réitigh. Is éard is nótaí struchtúrtha ann oibleagáidí fiachais ag a bhfuil comhpháirt dhíorthach leabaithe. Déantar an toradh orthu a choigeartú i leith fheidhmíocht sócmhainní tagartha amhail gnáthscaireanna aonair, innéacsanna gnáthscaireanna, cistí, rátaí úis, tráchtearraí nó airgeadraí. Soiléirítear in Airteagal 12c gurb incháilithe nótaí struchtúrtha don ICDI sa mhéid go bhfuil príomhshuim sheasta acu is inaisíoctha tráth a haibíochta; níl nasctha leis an díorthach ach pé toradh breise a bhíonn ann agus braitheann sin ar fheidhmíocht na sócmhainne tagartha. Is é an réasúnaíocht atá leis sin gurb eol roimh ré, tráth na heisiúna, cén phríomhshuim sheasta a bheidh ann, gur cobhsaí dá luach i rith thimthriall an nóta struchtúrtha agus go bhféadfaí tarrtháil inmheánach a dhéanamh air go héasca i gcás réitigh.

Faoi chaighdeán TLAC, ba cheart íoscheanglas TLAC a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as ionstraimí fiachais atá fo-ordaithe den chuid is mó, ag a bhfuil rang níos ísle i dtaca le dócmhainneacht de ná mar atá ag dliteanais shinsearacha atá eisiata go sainráite ó íoscheanglas TLAC amhail taiscí faoi chumhdach, díorthaigh, dliteanais chánach nó dliteanais a bhaineann leis an dlí poiblí. Chun an tICDI institiúid-shonrach a chomhlíonadh, d'fhéadfadh na húdaráis réitigh a éileamh i láthair na huaire, ar bhonn cás ar chás, go ndéanfaí ionstraimí fiachais incháilithe a fho-ordú. Sa bhreis air sin, sonraítear i bhforálacha nua Airteagal 12c go bhféadfadh go gceanglófaí fo-ordú a dhéanamh sa mhéid go mbeidh gá leis chun cur i bhfeidhm na huirlise tarrthála inmheánaí a éascú, go sonrach nuair is ríléir gur dócha go n-iompróidh creidiúnaithe ar a ndéanfar tarrtháil inmheánach caillteanais i gcás réitigh, ar mó iad ná na caillteanais ionchasacha i gcás dócmhainneachta, agus sa mhéid go mbeidh gá leis chun sciar na gcaillteanas a chumhdach ar mó iad ná na caillteanais ionchasacha dócmhainneachta, agus sa mhéid sin amháin. Ba cheart aon fho-ordú a iarrfaidh an Bord don ICDI institiúid-shonrach a bheith gan dochar don fhéidearthacht íoscheanglas TLAC a chomhlíonadh go páirteach le hionstraimí fiachais neamh-fho-ordaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus le caighdeán TLAC.

Sonraítear in Airteagal 12d na coinníollacha a bheidh ag an mBord maidir le hICDI na n-eintiteas uile a chinneadh. De bharr an cheanglais ba cheart go bhféadfadh bainc na caillteanais lena bhfuiltear ag súil i gcás réitigh a ionsú agus go bhféadfaidís athchaipitliú a dhéanamh orthu féin tar éis an réitigh. Tabharfaidh an Bord údar iomchuí le leibhéal an ICDI a forchuireadh ar bhonn na straitéise réitigh a roghnaíodh. Mar sin, níor cheart an leibhéal sin a bheith os cionn shuim mhéid na gcaillteanas lena bhfuiltear ag súil i gcás réitigh, a chomhfhreagraíonn do cheanglais cistí dísle na n-institiúidí féin agus do mhéid an athchaipitliúcháin lena bhféadfaidh an t-eintiteas, tar éis an réitigh, na ceanglais cistí dílse sin dá chuid a chomhlíonadh is gá lena ghníomhaíochtaí féin a shaothrú faoin straitéis réitigh a roghnaíodh. Ba cheart an tICDI a shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca agus thomhas neamhchosanta an chóimheasa giarála agus ba cheart d'institiúidí an leibhéal a bheidh mar thoradh ar an dá thomhas sin a chomhlíonadh.

Maidir le G-SIIanna, sonraítear in Airteagal 12e nach bhféadfaí forlíontán institiúid-sonrach le híosleibhéal TLAC dá bhforáiltear i gcaighdeán TLAC, nach bhféadfaí sin a fhorchur ach amháin i gcás nach leor an t-íosleibhéal chun caillteanais G-SII a ionsú agus é a athchaipitliú faoin straitéis réitigh a roghnaíodh. Ba cheart údar cuí a bheith le cinneadh an Bhoird an forlíontán sin a fhorchur.

Mar a bhí i gceist sa togra lena leasaítear CRD, tugtar isteach le hAirteagal 12f den togra seo coincheap na 'treorach'. Dá bharr sin, is féidir leis an mBord ceangal a chur ar institiúidí leibhéil níos airde ICDI a chomhlíonadh agus is féidir ag an am céanna aghaidh a thabhairt ar bhealach níos solúbtha ar aon sáruithe ar na leibhéil sin, go háirithe trí mhaolú a dhéanamh ar éifeachtaí uathoibríocha sáruithe den sórt sin i bhfoirm teorainneacha a chur leis na hUasmhéideanna Indáilte. Go háirithe, le hAirteagal 12f ceadaítear don Bhord a cheangal ar institiúidí méideanna breise a chomhlíonadh chun caillteanais i gcás réitigh atá níos airde ná mar a bheifí ag súil leis i ngnáthchás réitigh a chumhdach (i.e. níos airde ná leibhéal na gceanglas cistí dílse atá ann faoi láthair) agus chun a áirithiú go mbeidh muinín leordhóthanach sa mhargadh as an eintiteas tar éis an réitigh (i.e. sa bhreis ar an méid athchaipitliúcháin is gá). Ar a shon sin, sonraítear in Airteagal 12f nár cheart i gcás na coda sin d'ICDI a bhaineann le hionsú caillteanais go sáródh leibhéal na treorach leibhéal na 'treorach caipitil' nuair a iarrfaidh údaráis mhaoirseachta treoir den sórt sin mar chuid den tástáil struis mhaoirseachta chun caillteanais os cionn na ngnáthcheanglas a chumhdach. Maidir le cuid an athchaipitliúcháin, ba cheart do leibhéal na treorach sin lena n-áirithítear muinín a bheith sa mhargadh, ba cheart dó a cheadú d'institiúidí tar éis an réitigh an ceanglas údarúcháin atá orthu a chomhlíonadh ar feadh tréimhse iomchuí. Níor cheart an maolán muiníne margaidh seo a bheith os cionn an chomhcheanglais maoláin faoi Threoir 2013/36/AE, mura gá leibhéal níos airde chun a áirithiú go leanfaidh an t-eintiteas, tar éis dhéanamh an réitigh, de na coinníollacha maidir lena údarú a chomhlíonadh ar feadh tréimhse iomchuí.

Pléitear in Airteagal 12g agus in Airteagal 12h le leibhéal cur i bhfeidhm an ICDI. Maidir le hinstitiúidí a cháilíonn mar eintitis réitigh, beidh feidhm ag an ICDI maidir leo ar leibhéal an ghrúpa réitigh chomhdhlúite agus ar an leibhéal sin amháin. Fágann sin go mbeidh oibleagáid ar eintitis réitigh ionstraimí (fiachais) incháilithe a eisiúint chuig creidiúnaithe tríú tír seachtracha a ndéanfaí tarrtháil inmheánach orthu i gcás ina dtionscnófaí próiseas réitigh i leith an eintitis réitigh (i.e grúpa réitigh). Maidir le heintitis eile sa ghrúpa, tugtar isteach leis an togra coincheap ICDI 'inmheánaigh' i gcomhréir lena chomhshamhail de choincheap a tugadh isteach le caighdeán TLAC.  Fágann sin gur cheart do na heintitis eile sa ghrúpa réitigh nach eintitis réitigh iad féin, gur cheart dóibh ionstraimí (fiachais) incháilithe a eisiúint ar bhonn inmheánach laistigh den ghrúpa réitigh, i.e. ba cheart d'eintitis réitigh ionstraimí den sórt sin a cheannach. I gcás ina sroicheann eintiteas sa ghrúpa réitigh, nach eintitis réitigh é féin, pointe nach mbeidh inmharthanacht ann, déanfar ionstraimí den sórt sin a dhíluacháil nó a chomhshó ina ngnáthscaireanna agus aistreofar caillteanais an eintitis sin chuig an eintiteas réamhtheachtach réitigh ansin lena réiteach. Is é an príomhbhuntáiste a bhaineann leis an ICDI inmheánach gur féidir dá bharr eintiteas sa ghrúpa réitigh (ag a bhfuil feidhmeanna criticiúla) a athchaipitliú gan próiseas foirmiúil réitigh a thionscnamh, rud a d'fhéadfadh suaitheadh a bhaint as an margadh. Ba cheart mar sin féin cur i bhfeidhm an cheanglais seo a bheith ag teacht leis an straitéis réitigh a roghnaíodh, go sonrach níor cheart dó an gaol úinéireachta idir an t-eintiteas agus an grúpa réitigh a athrú i ndiaidh a athchaipitlithe. Sonraítear sa togra freisin go bhféadfaí, ach bearta coimirce áirithe a dhéanamh, ráthaíochtaí comhthaobhaithe idir an t-eintiteas réitigh agus eintitis eile de chuid an ghrúpa réitigh a chur in ionad an ICDI inmheánaigh, ráthaíochtaí a d'fhéadfaí a thionscnamh ar na coinníollacha uainiúcháin céanna atá socraithe do na hionstraimí is incháilithe do ICDI inmheánach. Áirítear go háirithe sna bearta coimirce atá beartaithe comhaontú a fháil ó na húdaráis réitigh ábhartha i dtaca le comhthaobhacht fhíorleachtach lena mbaineann riosca íosta creidmheasa agus margaidh a chur in ionad an ICDI inmheánaigh agus in ionad urrús comhthaobhach a sholáthar don ráthaíocht a thug an t-eintiteas réitigh dá fhochuideachta.

Sonraítear in Airteagal 12i go bhféadfadh an Bord, faoi bhearta coimirce áirithe, ICDI inmheánachfochuideachta a tharscaoileadh dá mbeadh an fhochuideachta agus a máthaireintiteas réitigh araon suite in aon Ballstát amháin atá rannpháirteach.

Pléitear in Airteagal 12g le sáruithe ar an ICDI. Liostaítear in Airteagal 12g na cumhachtaí atá ag údaráis réitigh i gcás sáruithe ar an ICDI. Ó d’fhéadfadh sárú ar an gceanglas bheith ina bhac ar inréititheacht institiúide nó grúpa, giorraítear le leasuithe ar Airteagal 10 an nós imeachta atá ann faoi láthair chun deireadh a chur le baic ar inréititheacht ionas gur féidir aghaidh a thabhairt gan mhoill ar aon sáruithe ar an gceanglas. Leis na leasuithe sin tugtar isteach freisin cumhachtaí nua don Bhord ionas gur féidir ceangal a chur ar institiúidí modhnuithe ar phróifílí aibíochta ionstraimí a dhéanamh mar aon le pleananna chun leibhéal an ICDI a athshlánú.

*Leasuithe ar Airteagail 16, 18, 20 agus 21*

Áirithítear leis na leasuithe ar Airteagail 16, 18, 20 agus 21 go bhféadfadh an Bord ionstraimí is incháilithe don ICDI inmheánach seachas ionstraimí caipitil (e.g. ionstraimí fiachais) a dhíluacháil nó a chomhshó ina ngnáthscaireanna i gcás ina sroicheann an t-eintiteas réitigh sa ghrúpa, nach é an t-eintiteas réitigh é a d’eisigh iad, i gcás ina sroicheann sé pointe nach mbeidh inmharthanacht ann.

2016/0361 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 i ndáil le cumas ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[9],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[10],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) D'fhoilsigh an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB) Bileog Téarmaí (‘caighdeán TLAC’) an chumais iomláin ionsúcháin caillteanais (TLAC) an 9 Samhain 2015 agus d'fhormhuinigh G-20 é i Samhain 2015. De réir chaighdeán TLAC, ní mór do na bainc a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo (‘G-SIBanna’), dá ngairtear institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo (‘G-SIIanna’), i gcreat an Aontais, ní mór dóibh íosmhéid leordhóthanach dliteanas ardionsúcháin caillteanais (atá intarrthála go hinmheánach) a bheith ina seilbh chun a áirithiú go n-ionsófar na caillteanais agus go ndéanfar athchaipitliú go mín agus go tapúil. Sa teachtaireacht uaidh an 24 Samhain 2015[11], gheall an Coimisiún go gcuirfeadh sé togra reachtach chun cinn faoi dheireadh 2016, togra lena bhféadfaí caighdeán TLAC a chur chun feidhme faoin sprioc-am a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, mar atá 2019.

(2) Nuair a bheifear ag cur chaighdeán TLAC chun feidhme san Aontas, ní mór an t-íoscheanglas institiúid-sonrach atá ann cheana maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (‘ICDI’) a chur san áireamh, íoscheanglas is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta uile an Aontais agus a leagtar síos i dTreoir 2014/59/AE ón Aontas Eorpach agus ón gComhairle[12]. Ós rud é go

---

9 IO C […], […], lch. […].

10 IO C […], […], lch. […].

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún, "I dtreo an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche", 24.11.2015, COM(2015) 587 final

12 Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, IO L 173, 12.6.2014, lch. 190

bhfuil an t-aon chuspóir amháin ag an TLAC agus ag an ICDI, mar atá a áirithiú go mbeidh cumas leordhóthanach ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin ag institiúidí an Aontais, ba cheart an dá cheanglas a bheith ina ngnéithe comhlántacha de chomhchreat. Ó thaobh na hoibríochta, ba cheart íosleibhéal comhchuibhithe chaighdeán TLAC do G-SIIanna ('íoscheanglas TLAC') a thabhairt isteach i reachtaíocht an Aontais trí leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013[13], agus ba cheart an forlíontán institiúid-sonrach do G-SIIanna agus an ceanglas institiúid-sonrach d'eintitis nach G-SIIanna iad, dá ndéantar tagairt mar íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, ba cheart aghaidh a thabhairt orthu le leasuithe spriocdhírithe ar Threoir 2014/59/AE agus ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014[14]. Ba cheart forálacha ábhartha an Rialacháin seo maidir le cumas ionsúcháin caillteanais agus cumas athchaipitliúcháin na n-institiúidí a chur i bhfeidhm in éineacht leo sin go comhsheasmhach sna píosaí reachtaíochta thuasluaite agus i dTreoir 2013/36/AE[15].

(3) In éagmais rialacha comhchuibhithe sna Ballstáit atá rannpháirteach sa Sásra Réitigh Aonair maidir le cur chun feidhme chaighdeán TLAC san Aontas, chuirfí costais bhreise ar institiúidí, bheadh éiginnteacht dhlíthiúil ann agus ba dheacra an uirlis tarrthála inmheánaigh le haghaidh institiúidí trasteorann a chur i bhfeidhm. In éagmais na rialacha comhchuibhithe sin ar leibhéal an Aontais thiocfadh saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach chun cinn freisin ar an ábhar go bhféadfadh na costais a bheadh ar institiúidí i dtaca leis na ceanglais atá ann faoi láthair agus caighdeán TLAC a chomhlíonadh, go bhféadfaidís sin bheith an-éagsúil sna Ballstáit atá rannpháirteach. Is den riachtanas, dá bhrí sin, deireadh a chur leis na baic sin ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus an saobhadh iomaíochta a sheachaint a thiocfadh chun cinn in éagmais rialacha comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais maidir le cur chun feidhme chaighdeán TLAC. Dá réir sin, is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí iomchuí don Rialachán seo, mar a léirmhínítear é i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

(4) I gcomhréir le caighdeán TLAC, ba cheart aitheantas a thabhairt fós i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 do straitéisí réitigh an Phointe Iontrála Aonair (SPE) agus na nIlphointí Iontrála (MPE). Faoi straitéis SPE, ní dhéantar réiteach ach ar aon ghrúpeintiteas amháin, go hiondúil ar an máthairghnóthas; maidir leis na grúpeintitis eile, ar fochuideachtaí oibriúcháin iad de ghnáth, ní chuirtear iad sin faoi réiteach: aistríonn siad a gcaillteanais agus a riachtanais athchaipitliúcháin chuig an eintiteas réamhtheachtach lena réiteach. Faoi straitéis MPE, féadfar níos mó ná aon eintiteas amháin a réiteach. Is den tábhacht eintitis atá le réiteach ('entitis réitigh') agus fochuideachtaí a ghabhann leo ('grúpaí réitigh') a aithint go soiléir ionas gur féidir an straitéis réitigh a theastaíonn a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Is den tábhacht iad a aithint freisin ionas gur féidir a chinneadh cén leibhéal cur i bhfeidhm ba cheart do ghnólachtaí airgeadais a chomhlíonadh i dtaca leis na rialacha maidir le cumas

13 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, IO L 176, 27.6.2013, lch. 1

14 Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, IO L 225, 30.7.2014, lch. 1

15 Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE, IO L 176, 27.6.2013, lch. 338

ionsúcháin caillteanais agus cumas athchaipitliúcháin. Is den riachtanas, dá bhrí sin, coincheapa an 'eintitis réitigh' agus an 'ghrúpa réitigh' a thabhairt isteach agus leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a bhaineann le pleananna réitigh grúpa chun é a chur de cheangal go sainráite ar an mBord Réitigh Aonair (SRB) na heintitis réitigh agus na grúpaí réitigh laistigh de ghrúpa a aithint agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh bheith ag aon ghníomhaíocht réitigh laistigh de ghrúpa atá beartaithe a mheas mar is iomchuí chun réiteach grúpa éifeachtach a áirithiú.

(5) Ba cheart don Bhord a áirithiú go bhfuil cumas leordhóthanach ionsúcháin caillteanais agus cumas leordhóthanach athchaipitliúcháin ag institiúidí chun a áirithiú go n-ionsófar na caillteanais agus go ndéanfar athchaipitliú go mín agus go tapúil sa chaoi go mbeidh an tionchar is lú is féidir ar chobhsaíocht airgeadais agus ar cháiníocóirí. Chun é sin a dhéanamh ba cheart d'institiúidí an ceanglas institiúid-sonrach maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe ('ICDI') a chomhlíonadh dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014.

(6) Chun na hainmneoirí lena dtomhaistear cumas ionsúcháin caillteanais agus cumas athchaipitliúcháin na n-institiúidí a ailíniú leis na hainmneoirí dá bhforáiltear i gcaighdeán TLAC, ba cheart an tICDI a shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca agus thomhas neamhchosanta chóimheas giarála na hinstitiúide lena mbaineann.

(7) Na critéir incháilitheachta i leith dliteanais le haghaidh an ICDI, ba cheart iad a ailíniú go dlúth leis na critéir a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le haghaidh íoscheanglas TLAC, agus é sin i gcomhréir leis na coigeartuithe agus na ceanglais chomhlántacha a thugtar isteach sa Rialachán seo. Ba cheart, go háirithe, go mbeadh ionstraimí fiachais áirithe ag a bhfuil comhpháirt dhíorthach leabaithe, amhail nótaí struchtúrtha áirithe, ba cheart go mbeidís sin incháilithe chun an tICDI a chomhlíonadh sa mhéid go bhfuil príomhshuim sheasta acu is inaisíoctha tráth a haibíochta; níl nasctha leis an díorthach ach pé toradh breise a bhíonn ann agus braitheann sin ar fheidhmíocht na sócmhainne tagartha. I bhfianaise a bpríomhshuime seasta, ba cheart go mbeadh cumas ardionsúcháin caillteanais ag na hionstraimí sin agus go bhféadfaí tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu go héasca i gcás réitigh.

(8) Tá na dliteanais uile ar toradh iad ar éilimh creidiúnaithe neamhthosaíochta gan urrús (dliteanais neamh-fho-ordaithe) san áireamh sa raon dliteanas lenar féidir an tICDI a chomhlíonadh, ach amháin i gcás nach gcomhlíonann siad na sainchritéir incháilitheachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Chun feabhas a chur ar inréititheacht institiúidí trí úsáid éifeachtach a bhaint as an uirlis tarrthála inmheánaí, ba cheart é a bheith ar chumas an Bhoird a cheangal go ndéanfar an ceanglas gnólacht-sonrach a chomhlíonadh trí bhíthin dliteanais fo-ordaithe, go háirithe nuair is ríléir gur dócha go n-iompróidh creidiúnaithe ar a ndéanfar tarrtháil inmheánach, go n-iompróidh siad caillteanais i gcás réitigh ar mó iad ná a gcaillteanais ionchasacha i gcás dócmhainneachta. An ceanglas maidir le hICDI a chomhlíonadh le dliteanais fo-ordaithe, níor cheart sin a iarraidh ach amháin a mhéid is gá chun a áirithiú nach mó caillteanais creidiúnaithe i gcás réitigh ná na caillteanais a thabhóidís i gcás dócmhainneachta. Ba cheart aon fho-ordú ar ionstraimí fiachais an Bord chun críocha an ICDI a bheith gan dochar don fhéidearthacht íoscheanglas TLAC a chomhlíonadh go páirteach le hionstraimí fiachais neamh-fho-ordaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus mar a cheadaítear de réir chaighdeán TLAC.

(9) De bharr an ICDI ba cheart go bhféadfadh institiúidí na caillteanais lena bhfuiltear ag súil i gcás réitigh a ionsú agus go bhféadfaidís athchaipitliú a dhéanamh orthu féin tar

éis an réitigh. Ba cheart don Bhord, ar bhonn na straitéise réitigh a roghnaigh siad, údar cuí a thabhairt le leibhéal an ICDI a d'fhorchuir siad, go háirithe maidir lena riachtanaí atá an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE agus maidir le leibhéal an cheanglais sin i dtaca le méid an athchaipitliúcháin. Mar sin, is é ba cheart a bheith sa leibhéal sin suim mhéid na gcaillteanas lena bhfuiltear ag súil i gcás réitigh, a chomhfhreagraíonn do cheanglais cistí dísle na hinstitiúide féin agus do mhéid an athchaipitliúcháin lenar féidir leis an institiúid, tar éis an réitigh, na ceanglais cistí dílse sin dá chuid a chomhlíonadh is gá lena ghníomhaíochtaí féin a shaothrú faoin straitéis réitigh a roghnaíodh. Ba cheart an tICDI a shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca agus thomhas neamhchosanta an chóimheasa giarála agus ba cheart d'institiúidí na leibhéil a bheidh mar thoradh ar an dá thomhas sin a chomhlíonadh. Ba cheart an deis a bheith ag an mBord na méideanna athchaipitliúcháin a choigeartú i gcásanna cuí-réasúnaithe chun a léiriú ar bhonn leordhóthanach freisin cé na rioscaí méadaithe a dhéanann difear don inréititheacht is toradh ar shamhail ghnó an ghrúpa réitigh, ar a phróifíl cistiúcháin agus ar a phróifíl ghinearálta riosca agus an deis a bheith acu, dá bhrí sin, i ndálaí teoranta den sórt sin, a cheangal go sárófaí na méideanna athchaipitliúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 3 agus de mhír 4 d'Airteagal 12d.

(10) Chun inréititheacht na G-SIIanna a fheabhsú, ba cheart an deis a bheith ag an mBord ICDI institiúid-sonrach a fhorchur orthu sin sa bhreis ar íoscheanglas TLAC dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Féadfar an tICDI institiúid-sonrach sin a fhorchur i gcás nach leor íoscheanglas TLAC chun caillteanais G-SII a ionsú agus chun athchaipitliú a dhéanamh air faoin straitéis réitigh a roghnaíodh, agus sa chás sin amháin.

(11) Agus leibhéal an ICDI á shocrú, ba cheart don Bhord méid na tábhachta sistéamaí atá le hinstitiúid a chur san áireamh chomh maith leis an drochthionchar ar an gcobhsaíocht airgeadais a d'fhéadfadh bheith ann dá gclisfí uirthi. Ba cheart don Bhord an gá atá le cothrom iomaíochta idir na G-SIIanna agus institiúidí inchomparáide eile sna Ballstáit atá rannpháirteach a bhfuil tábhacht shistéamach leo a chur san áireamh. Dá bhrí sin, níor cheart go n-imeodh ICDI na n-institiúidí sin nach bhfuil aitheanta mar G-SIIanna ach a bhfuil tábhacht shistéamach leo sna Ballstáit atá rannpháirteach atá inchomparáide le tábhacht shistéamach na G-SIIanna, níor cheart go n-imeodh sin go díréireach ó leibhéal an ICDL agus óna chomhdhéanamh sin atá socraithe i gcoitinne do G-SIIanna.

(12) Ar nós na gcumhachtaí a thugtar do na húdaráis inniúla le Treoir 2013/36/AE, ba cheart cead a thabhairt don Bhord leibhéil níos airde ICDI a fhorchur agus b'fhéidir ag an am céanna aghaidh a thabhairt ar bhealach níos solúbtha ar aon sáruithe ar na leibhéil sin, go háirithe trí mhaolú a dhéanamh ar éifeachtaí uathoibríocha na sáruithe sin i bhfoirm teorainneacha a chur leis na hUasmhéideanna Indáilte (UIanna). Ba cheart an deis a bheith ag an mBord treoir a thabhairt d'institiúidí ionas go bhféadfaidís méideanna breise a sholáthar chun caillteanais a chumhdach i gcás réitigh, caillteanais is mó ná an leibhéal cistí dílse a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i dTreoir 2013/36/AE agus/nó chun a áirithiú gur leor an mhuinín a bheidh ag an margadh as an institiúid tar éis an réitigh. Chun comhsheasmhacht le Treoir 2013/36/AE a áirithiú, ní fhéadfar treoir a thabhairt maidir le caillteanais bhreise a chumhdach ach i gcás inar iarr na húdaráis inniúla maoirseachta an 'treoir chaipitil' i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE, agus sa chás sin amháin, agus níor cheart an treoir sin a bheith os cionn an leibhéil a iarradh sa Treoir sin. Maidir le méid an athchaipitliúcháin, ba cheart, de bharr an leibhéil a iarradh sa Treoir chun muinín a

áirithiú sa mhargadh, ba cheart go bhféadfadh institiúidí leanúint de na ceanglais údarúcháin atá orthu a chomhlíonadh ar feadh tréimhse iomchuí, lena n-áirítear tríd an deis a thabhairt don institiúid na costais a chumhdach a bhaineann le hathstruchtúrú a gníomhaíochtaí tar éis an réitigh. Níor cheart an maolán muiníne margaidh a bheith os cionn an chomhcheanglais maoláin chaipitil faoi Threoir 2013/36/AE, mura gá leibhéal níos airde chun a áirithiú go leanfaidh an t-eintiteas, tar éis dhéanamh an réitigh, de na coinníollacha maidir lena údarú a chomhlíonadh ar feadh tréimhse iomchuí. Má bhíonn eintiteas go leanúnach gan cistí dílse breise agus dliteanais incháilithe bhreise a bheith aige de réir mar a bhíothas ag súil leis faoin treoir, ba cheart an deis a bheith ag an mBord a cheangal go méadófar méid an ICDI chun méid na treorach a chumhdach. Chun gur féidir leis a mheas an ann do chliseadh leanúnach, ba cheart don Bhord tuairisciú an eintitis maidir leis an ICDI mar a cheanglaítear le Treoir 2014/59/AE a chur san áireamh.

(13) I gcomhréir le Rialachán Uimh. 575/2013, ba cheart institiúidí a cháilíonn mar eintitis réitigh a bheith faoi réir an ICDI ar leibhéal an ghrúpa réitigh chomhdhlúite agus ar an leibhéal sin amháin. Fágann sin gur cheart oibleagáid a bheith ar eintitis réitigh ionstraimí agus ítimí is incháilithe ar mhaithe le comhlíonadh an ICDI a eisiúint chuig creidiúnaithe tríú tír seachtracha a ndéanfaí tarrtháil inmheánach orthu i gcás ina dtionscnófaí próiseas réitigh i leith an eintitis réitigh.

(14) Institiúidí nach eintitis réitigh iad ba cheart dóibh an gceanglas gnólacht-sonrach a chomhlíonadh ar an leibhéal aonair. Ba cheart dá n-eintitis réitigh féin, de ghnáth, riachtanais ionsúcháin caillteanais agus riachtanais athchaipitliúcháin na n-institiúidí sin a chumhdach agus is é ba ceart do na heintitis réitigh a dhéanamh chuige sin na dliteanais incháilithe a d'eisigh na hinstitiúidí sin a fháil agus iad a dhíluacháil agus a chomhshó ina n-ionstraimí úinéireachta tráth nach mbeidh na hinstitiúidí sin inmharthana a thuilleadh. Mar sin, an tICDI is infheidhme maidir le hinstitiúidí nach eintitis réitigh iad ba cheart é a chur i bhfeidhm ar dhóigh leanúnach i dteannta na gceanglas is infheidhme maidir le heintitis réitigh. Ba cheart, dá bharr sin, go bhféadfadh an Bord grúpa réitigh a réiteach gan roinnt dá fhochuideachtaí a chur faoi réiteach, rud a chuirfeadh cosc le haon suaitheadh sa mhargadh a d'fhéadfadh titim amach murach sin. Faoi réir chomhaontú an Boird, ba cheart go bhféadfaí ráthaíochtaí comhthaobhaithe idir an t-eintiteas réitigh agus a fhochuideachtaí a chur in ionad eisiúint dliteanas incháilithe chuig eintitis réitigh, ráthaíochtaí is féidir a thionscnamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha uainiúcháin céanna atá ann maidir le díluacháil nó comhshó dliteanas inmheánach. Ba cheart an chomhthaobhacht atá ina cúltaca ag an ráthaíocht a bheith ardleachtach agus riosca an-íseal a bheith léi. Ba cheart an deis a bheith ag an mBord cur i bhfeidhm an ICDI is infheidhme maidir le hinstitiúidí nach eintitis réitigh iad a tharscaoileadh go hiomlán más rud é go bhfuil an t-eintiteas réitigh agus a fhochuideachtaí araon bunaithe in aon Bhallstát rannpháirteach amháin.

(15) Ba cheart an t ICDI a chur i bhfeidhm in institiúidí nach eintitis réitigh iad i gcomhréir leis an straitéis um réiteach roghnaithe. Go háirithe, níor cheart an ghaolmhaireacht úinéireachta idir na hinstitiúidí agus a ghrúpa réitigh i ndiaidh athchaipitliú na n-institiúidí sin athrú mar gheall ar an gcur i bhfeidhm sin.

(16) Ba cheart do na húdaráis inniúla, do na húdaráis réitigh agus don Bhord aghaidh a thabhairt ar aon sáruithe ar íoscheanglas TLAC agus an ICDI agus iad a leigheas. Ós rud é gurbh fhéidir go mbeadh sárú ar na ceanglais sin in bhacainn roimh inréititheacht institiúide nó grúpa, ba cheart na nósanna imeachta atá ann cheana chun bacainní roimh inréititheacht a ghiorrú chun go dtabharfar aghaidh go tapa ar aon sáruithe ar na ceanglais sin. Lena chois sin, ba cheart é a bheith ar chumas an Bhoird é a chur de

cheangal ar institiúidí próifílí aibíochta ionstraimí agus ítimí incháilithe a mhionathrú agus pleananna a ullmhú agus a chur chun feidhme chun leibhéal na gceanglas sin a athchóiriú.

(17) Comhlíonann an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus urramaíonn sé na prionsabail a bhfuil aithint tugtha dóibh go háirithe sa Chairt, amhail na cearta chun maoine agus an tsaoirse fiontraíochta, agus ní mór é a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.

(18) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá rialacha aonfhoirmeacha a leagan síos chun críocha chreat téarnaimh agus réitigh an Aontais, a chomhlíonadh go leordhóthanach agus ós rud é gur féidir, de bharr scála na gníomhaíochta, na cuspóirí a chomhlíonadh níos fearr ag leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas an Rialachán seo a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(19) Chun go leor ama ann chun le haghaidh chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ba cheart é a chur i bhfeidhm an [18 mhí ó dháta a theacht i bhfeidhm].

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leasaítear leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 Airteagal 3(1) mar a leanas:

(a) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

"(24a) ciallaíonn 'eintiteas réitigh' eintiteas atá suite san Aontas agus a shainaithníonn an t-údarás réitigh i gcomhréir le hAirteagal 8 mar eintiteas i gcomhthéacs an phlean réitigh lena bhforáiltear maidir le gníomhaíocht réitigh;

(24b) ciallaíonn 'grúpa réitigh' grúpa eititeas arna shainaithint ag an mBord i gcomhréir le hAirteagal 8 arb é atá ann eintiteas réitigh agus a fhochuideachtaí nach eintitis réitigh iad féin iad agus nach fochuideachtaí de chuid eintitis réitigh eile iad;

(b) i bpointe (49), cuirtear 'dliteanais tarrthála inmheánaigh' in ionad 'dliteanais incháilithe'.

cuirtear isteach an pointe (49a) seo a leanas:

'(49a) ciallaíonn 'dliteanais incháilithe' dliteanais tarrthála inmheánaigh a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 12c nó pointe (a) d'Airteagal 12h(3).".

2. In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) de mhír (3):

'(d) leibhéal an íoscheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a shocrú, i gcomhréir le hAirteagail 12 go 12k'.

3. Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Leagfar amach sa phlean réitigh roghanna chun na huirlisí réitigh a chur i bhfeidhm agus na cumhachtaí réitigh a fheidhmiú dá dtagraítear sa Rialachán seo maidir leis na heintitis dá dtagraítear i mír 1.'.

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhír agus an dara fomhír de mhír (6):

'Déanfar foráil sa phlean réitigh maidir leis na gníomhaíochtaí réitigh a fhéadfaidh an Bord a dhéanamh i gcás ina gcomhlíonfaidh eintiteas dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha maidir le réiteach.

Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) i mír 9 a nochtadh don eintiteas lena mbaineann.'.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (p) de mhír (9):

'(p) an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus uirlisí fho-ordaithe de bhun Airteagal 12c, agus an sprioc-am maidir leis an leibhéal sin a chomhlíonadh, i gcás inarb infheidhme;',

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (10):

'10 Áireofar i bpleananna réitigh grúpa plean maidir le réiteach an ghrúpa dá dtagraítear i mír 1, a mbeidh máthairghnóthas an Aontais atá bunaithe i mBallstát rannpháirteach i gceannas air agus sainaithneofar bearta le haghaidh réiteach:

(a) máthairghnóthas an Aontais;

(b) na fochuideachtaí ar cuid den ghrúpa iad agus atá bunaithe san Aontas;

(c) na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2(b); agus

(d) faoi réir Airteagal 33, na fochuideachtaí ar cuid den ghrúpa iad agus atá bunaithe lasmuigh den Aontas.

I gcomhréir leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, sainaithneofar sa phlean réitigh an méid seo a leanas le haghaidh gach grúpa:

(a) na heintitis réitigh;

(b) na grúpaí réitigh.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus pointe (b) de mhír (11):

"(a) na gníomhaíochtaí réitigh a leagan amach dá bhforáiltear i ndáil le heintiteas réitigh sna cásanna dá bhforáiltear i mír 6 agus impleachtaí gníomhaíochtaí den sórt sin maidir le grúpeintitis eile, an máthairghnóthas agus fo-institiúidí dá dtagraítear i mír 1;

(a1) i gcás ina bhfuil níos mó ná grúpa réitigh amháin i ngrúpa dá dtagraítear i mír 1, gníomhaíocht réitigh a bhfuiltear ag súil léi i ndáil le heintitis réitigh gach grúpa réitigh agus impleachtaí gníomhaíochtaí den sórt sin ar an dá phointe seo a leanas:

(i) grúpeintitis eile a bhaineann leis an ngrúpa réitigh chéanna;

(ii) grúpaí réitigh eile;

(b) scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfaí na huirlisí agus na cumhachtaí réitigh a chur i bhfeidhm ar eintitis réitigh bunaithe san Aontas agus a fheidhmiú ar bhealach comhordaithe, lena n-áirítear bearta chun ceannach á dhéanamh ag tríú páirtí den ghrúpa mar iomlán, nó línte nó gníomhaíochtaí gnó ar leith a sheachadann roinnt grúpeintiteas, nó grúpeintitis

nó grúpaí réitigh ar leith, agus aon bhaic ionchasacha ar réiteach comhordaithe a shainaithint;".

4. Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (4):

'4. Measfar go bhfuil grúpa inréitithe má bhíonn sé indéanta agus inchreidte ag an mBord grúpeintitis a leachtú faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta nó iad a réiteach trí uirlisí réitigh a chur i bhfeidhm agus cumhachtaí a fheidhmiú maidir le heintitis réitigh sin agus a mhéid is mó is féidir, aon iarmhairtí díobhálacha suntasacha a sheachaint i gcórais airgeadais na mBallstát ina bhfuil eintitis ar cuid de ghrúpa iad suite, nó na mBallstát eile, nó an Aontais, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil éagobhsaíocht airgeadais níos leithne nó teagmhais shistéamacha, chun a áirithiú go leanfar d'fheidhmeanna criticiúla a dhéanann na grúpeintitis sin, i gcás inar féidir iad a dheighilt go héasca agus go tráthúil nó ar bhealach eile.

Tabharfaidh údaráis réitigh leibhéal an ghrúpa fógra d'ÚBE go tráthúil i gcás ina measfar nach mbeidh grúpa inréitithe.

Má bhíonn níos mó ná grúpa eintiteas amháin i ngrúpa, déanfaidh an Bord measúdú ar inréititheacht gach grúpa réitigh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Déanfar an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír le cois an mheasúnaithe ar inréititheacht an ghrúpa ina iomláine.

(b) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír (7):

'Más cás dá dtagraítear in Airteagal 141a(2) de Threoir 2013/36/AE is cúis leis an mbac ar inréititheacht an eintitis nó an ghrúpa, tabharfaidh an Bord fógra faoin mbacainn sin don mháthairghnóthas de chuid an Aontais.'

(c) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír (9):

' Más cás dá dtagraítear in Airteagal 141a(2) de Threoir 2013/36/AE is cúis le bac ar inréititheacht, déanfaidh an mháthairghnóthas de chuid an Aontais, faoi cheann dhá sheachtain ón dáta a fuarthas fógra a tugadh i gcomhréir le mír 7, bearta féideartha a mholadh don Bhord chun dul i ngleic leis an mbac a sainaithníodh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír nó deireadh a chur leis.'

(d) i bpointe (i) agus pointe (j) d'fhomhír (11), cuirtear 'Article 12g agus Article 12h' in ionad 'Airteagal 12'.

(e) i mír 19, cuirtear an méid seo a leanas isteach:

'(k) é a chur de cheangal ar institiúid plean a chur isteach chun comhlíonadh Airteagal 12g agus Airteagal 12h agus an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 128(6) de Threoir 2013/36/AE a thabhairt ar ais;

(l) é a chur de cheangal ar eintiteas próifíl aibíochta ítimí dá dtagraítear in Airteagal 12c agus i bpointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 12h(3) chun comhlíonadh leantach Airteagal 12g nó Airteagal 12h a áirithiú.'

5. Cuirtear na hAirteagail seo a leanas in ionad Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014:

*"Airteagal 12*

*An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chinneadh*

1. Déanfaidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, lena n-áirítear BCE, an t-íoscheanglas a chinneadh maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe amhail dá dtagraítear in Airteagail 12a go 12i, faoi réir cumhachtaí díluachála agus comhshó, a éilítear ar na heintitis agus ar na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2), agus ar na heintitis agus ar na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(4)(b) agus (5) nuair a bheidh na coinníollacha maidir leis na míreanna sin a chur i bhfeidhm comhlíonta, a chomhlíonadh i gcónaí.

2. Nuair a bheidh pleananna réitigh á ndréachtadh i gcomhréir le hAirteagal 9, cinnfidh na húdaráis réitigh náisiúnta, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, amhail dá dtagraítear in Airteagail 12a go 12i, faoi réir cumhachtaí díluachála agus comhshó, atá le comhlíonadh gach tráth ag na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 7(3). Maidir leis sin, beidh feidhm ag an nós imeachta a bhunaítear in Airteagal 31.

3. Déanfaidh an Bord aon chinneadh dá dtagraítear i mír 1, comhthreomhar le forbairt agus cothabháil na bpleananna réitigh de bhun Airteagal 8.

4. Díreoidh an Bord a chinneadh ar na húdaráis réitigh náisiúnta. Déanfaidh na húdaráis réitigh náisiúnta treoracha an Bhoird a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 29. Cuirfidh an Bord ceangal ar na húdaráis réitigh náisiúnta a fhíorú agus a áirithiú go gcothabhálfaidh na hinstitiúidí agus na máthairghnóthais an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo.

5. Cuirfidh an Bord BCE agus ÚBE ar an eolas faoin íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a bheidh cinnte aige do gach institiúid agus máthairghnóthas faoi mhír 1.

6. Chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, eiseoidh an Bord treoirlínte agus cuirfidh sé treoracha a bhaineann le heintitis nó grúpaí sonracha chuig údaráis réitigh náisiúnta.

*Airteagal 12a*

*Cur i bhfeidhm agus ríomh an íoscheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe*

1. Áiritheoidh an Bord agus údaráis réitigh náisiúnta go gcomhlíonfaidh eintitis dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus Airteagal 12(2), i gcónaí, íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 12a go 12i.

2. Ríomhfar an riachtanas dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le, Airteagal 12d(3) nó (4) de réir mar is infheidhme, mar an méid cistí dílse agus dliteanas incháilithe agus beidh sé arna léiriú mar chéatadán de:

   (a) méid neamhchosanta iomlán ar riosca an eintitis ábhartha dá dtagraítear i mír 1 arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; agus

   (b) tomhas neamhchosaint chóimheas giarála an eintitis ábhartha dá dtagraítear i mír 1 arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

*Airteagal 12b*

*Díolúine ón íoscheanglas maidir le* cistí dílse agus dliteanais incháilithe

1. D'ainneoin Airteagal 12a, díolmhóidh an Bord ón riachtanas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) institiúidí creidmheasa morgáiste a mhaoinítear le ag bannaí faoi chumhdach nach bhfuil ceadaithe, de réir dlí náisiúnta, taiscí a fháil i gcás ina bhfuil na coinníollacha seo ar fad a leanas á gcomhlíonadh:

   (a) déanfar na hinstitiúidí sin a fhoirceannadh le nósanna imeachta náisiúnta dócmhainneachta, nó le chineálacha eile nóis imeachta a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le hAirteagail 38, 40 nó 42 de Threoir 2014/59/AE atá leagtha síos, arna bhforáil do na hinstitiúidí sin; agus

   (b) áiritheofar trí nósanna imeachta náisiúnta dócmhainneachta den sórt sin, nó cineálacha eile nóis imeachta, go n-iompróidh creidiúnaithe na n-institiúidí sin, lena n-áirítear sealbhóirí bannaí faoi chumhdach, más iomchuí, caillteanais ar shlí a chomhlíonann na cuspóirí réitigh.

2. Ní bheidh institiúidí atá díolmhaithe ón riachtanas leagtha síos in Airteagal 12(1) páirteach sa chomhdhlúthú dá dtagraítear in Airteagal 12g(1).

*Airteagal 12c*

*Dliteanais incháilithe le haghaidh eintitis réitigh*

1. Ní chuimseofar dliteanais incháilithe i méid chistí dílse agus dhliteanas na n-eintiteas réitigh ach má chomhlíonann siad na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 72a(2), ach amháin i gcás phointe (d) d'Airteagal 72b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

2. De mhaolú ar phointe (1) d'Airteagal 72b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní chuimseofar dliteanais a thagann as ionstraimí fiachais ag a bhfuil gnéithe díorthacha, amhail nótaí struchtúrtha, i méid cistí dílse agus dliteanas na n-eintiteas réitigh ach má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:

   (a) tá méid áirithe den dliteanas a thagann as an ionstraim fiachais ar eolas roimh ré tráth na heisiúna, tá sé socraithe agus níl tionchar ag gné dhíorthach air;

   (b) níl an ionstraim fiachais, lena n-áirítear a gné dhíorthach, faoi réir aon comhaontú glanluachála agus níl a luacháil faoi réir Airteagal 49(3);

   (c) Ní chuimseofar an dliteanas dá dtagraítear sa chéad fhomhír i méid na gcistí dílse agus dliteanas ach i gcás na coda a chomhfhreagraíonn don mhéid dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír.

3. Féadfaidh an Bord a chinneadh, ar a thionscnamh féin i ndiaidh dul i gcomhairle leis an údarás réitigh náisiúnta nó ar mholadh ó údarás réitigh náisiúnta, go gcomhlíonann eintitis réitigh ag a bhfuil ionstraimí a chomhlíonann na coinníollacha uile dá dtagraítear in Airteagal 12g de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 72a chun a áirithiú gur féidir an t-eintiteas réitigh ar chaoi atá oiriúnach ó thaobh bhaint amach na spriocanna réitigh de.

   I gcinneadh an Bhoird faoin mír sin beidh cúiseanna an chinnidh sin ar bhonn na n-eilimintí seo a leanas:

   (a) tá an t-aicmiú tosaíochta céanna ag dliteanais neamh-fho-ordaithe san ordlathas dócmhainneachta náisiúnta dá dtagraítear i bhfomhír (1) agus (2) agus atá ag

dliteanais atá eisiata ó chur i bhfeidhm na gcumhachtaí díluachála nó comhshó i gcomhréir le hAirteagal 44(2) nó Airteagal 44(3) de Threoir 2014/59/AE;

(b) tabhóidh creidiúnaithe éileamh a tháinig as dliteanais neamh-fho-ordaithe nach bhfuil eisiata ó chur i bhfeidhm cumhachtaí díluachála ná comhshó i gcomhréir le hAirteagal 44(2) nó Airteagal 44(3) de Threoir 2014/59/AE, go dtabhódh siad caillteanais níos mó ná a thabhódh siad i bhfoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta mar gheall ar chur i bhfeidhm beartaithe cumhachtaí díluachála agus comhshó maidir leis na dliteanais sin;

(c) ní bheidh méid na ndliteanas fo-ordaithe os cionn an méid is gá chun a áirithiú nach dtabhóidh creidiúnaithe dá dtagraítear i bpointe (b) caillteanais os cionn leibhéal na gcaillteanas a thabhóidís ina mhalairt de chás i bhfoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta.

*Airteagal 12d*

*An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chinneadh*

1. Is é an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, BCE san áireammh, a chinnfidh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) i gcás gach eintitis, agus déanfaidh sé sin ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

(a) an gá atá ann a áirithiú gur féidir an t-eintiteas réitigh a réiteach trí na huirlisí, lena n-áirítear, an uirlis tarrthála inmheánaí, a chur i bhfeidhm ar chaoi a chomhlíonann na cuspóirí réitigh;

(b) an gá atá ann a áirithiú, i gcásanna iomchuí, go mbeidh dliteanais incháilithe leordhóthanacha ag an eintiteas réitigh agus ag a bhfhochuideachtaí ar institiúidí iad ach nach eintitis réitigh iad, chun a áirithiú, dá gcuirfí an uirlis tarrthála inmheánaí nó na cumhachtaí díluacháil agus comhshó maidir leo, faoi seach, gurbh fhéidir caillteanais a ionsú agus na ceanglais chaipitile, agus, más infheidhme, an cóimheas giarála i bhfoirm Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na n-eintiteas ábhartha a thabhairt ar ais go dtí an leibhéal is gá chun gur féidir leo leanúint de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le húdarú agus leanúint de na gníomhaíochtaí a bhfuil siad údaraithe ina leith faoi Threoir 2013/36/AE nó Treoir 2014/65/AE;

(c) an gá atá ann a áirithiú gur leor, má tá coinne sa phlean réitigh gur féidir go mbeidh aicmí áirithe dliteanas incháilithe eisiata ón tarrtháil inmheánach de bhun Airteagal 27(5) nó go n-aistreofar iad chuig faighteoir go hiomlán faoi pháirt-aistriú, gur leor na dliteanais incháilithe eile atá ag eintiteas chun a áirithiú gur féidir caillteanais a ionsú agus gur féidir ceanglais chaipitil, nó más infheidhme, cóimheas giarála i bhfoirm Ghnáthchothromas Leibhéal 1 an eintitis réitigh a thabhairt ar ais go dtí an leibhéal is gá chun gur féidir leis leanúint de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le húdarú agus leanúint de na gníomhaíochtaí a bhfuil sé údaraithe ina leith faoi Threoir 2013/36/AE nó Treoir 2014/65/AE;

(d) méid, samhail ghnó, samhail mhaoinithe agus próifíl riosca na hinstitiúide agus an eintitis;

(e) a mhéid a d’fhéadfadh an Scéim Ráthaithe Taiscí rannchuidiú le maoiniú réitigh i gcomhréir le hAirteagal 79;

(f) a mhéid a dhéanfadh cliseadh an eintitis ábhartha dochar do chobhsaíocht airgeadais, lena n-áirítear, mar gheall ar idirnascthacht an eintitis le hinstitiúidí nó eintitis eile nó leis an gcuid eile den chóras airgeadais trí éifeacht tógálachta ar institiúidí nó eintitis eile.

2. Má fhoráiltear sa phlean réitigh go bhfuil an ghníomhaíocht réitigh le déanamh nó na cumhachtaí díluachála agus comhshó le cur i bhfeidhm, beidh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) cothrom le méid ar leor é chun a áirithiú:

(g) go n-ionsúfar go hiomlán na caillteanais arbh fhéidir go mbeifí ag súil go dtabhódh an t-eintiteas iad ('ionsú caillteanas');

(h) go n-athchaipitleofar an t-eintiteas nó a fhochuideachtaí ar institiúidí iad, ach nach eintitis réitigh, go dtí an leibhéal is gá chun gur féidir leo leanúint de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le húdarú agus leanúint de na gníomhaíochtaí a bhfuil siad údaraithe ina leith faoi Threoir 2013/36/AE nó Treoir 2014/65/AE ('athchaipitliú');

má fhoráiltear sa phlean réitigh go bhfoirceannfar an t-eintiteas faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, nach mbeidh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) le haghaidh an eintitis sin os cionn méid ar leor é chun caillteanais a ionsú i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír.

3. Gan dochar don fhomhír dheireanach, i gcás eintitis réitigh, ní bheidh an méid dá dtagraítar i mír 2 os cionn an chinn is mó de na méideanna seo a leanas:

(i) suim:

(i) an méid caillteanas is féidir a bheidh le hionsú i réiteach a chomhfhreagraíonn do cheanglais an eintitis réitigh dá dtagraítear in Airteagal 92(1)(a),(b) agus (c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ar leibhéal an ghrúpa réitigh fo-chomhdhlúite,

(ii) méid athchaipitliúcháin lenar féidir leis an ngrúpa réitigh a tháinig as réiteach a chóimheas caipitil iomlán dá dtagraítear in Airteagal 92(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a thabhairt ar ais agus a cheanglas dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ar leibhéal an ghrúpa réitigh fo-chomhdhlúite i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí réitigh dá bhforáiltear sa phlean réitigh;

(j) suim:

(i) an méid caillteanas atá le hionsú i réiteach a chomhfhreagraíonn do chóimheas giarála an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 92(1)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar leibhéal an ghrúpa réitigh fo-chomhdhlúite; agus

(ii) méid athchaipitliúcháin lenar féidir leis an ngrúpa réitigh a tháinig as réiteach an cóimheas giarála dá dtagraítear in Airteagal 92(1)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a thabhairt ar ais ar leibhéal an ghrúpa réitigh fo-chomhdhlúite i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí réitigh dá bhforáiltear sa phlean réitigh.

Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 12a(2), sloinnfear an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) i dtéarmaí céatadán mar an méid a ríomhadh i gcomhréir le pointe (a) den mhír seo roinnte ar mhéid na neamhchosanta ar riosca iomlán.

Chun críocha phointe (b) d'Airteagal 45(2), sloinnfear an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) mar an méid a ríomhadh i gcomhréir le pointe (b) roinnte ar thomhas an chóimheasa giarála.

Socróidh an Bord na méideanna athchaipitliúcháin dá dtagraítear sna fomhíreanna roimhe seo i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí réitigh dá bhforáiltear sa phlean réitigh agus féadfaidh sé na méideanna athchaipitliúcháin sin a choigeartú chun na rioscaí a léiriú go leordhóthanach a dhéanann difear d'inréititheacht a thagann as samhail ghnó an ghrúpa, as a phróifíl chistiúcháin agus as a phróifíl riosca fhoriomlán.

4. Gan dochar don fhomhír dheireanach, i gcás eintitis nach eintitis réitigh iontu féin iad, ní bheidh an méid dá dtagraítear i mír 2 os cionn na méideanna seo a leanas:

(a) suim:

(i) an méid caillteanas atá le hionsú i réiteach a chomhfhreagraíonn do cheanglais an eintitis réitigh dá dtagraítear in Airteagal 92(1)(a),(b) agus (c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE, agus

(ii) méid athchaipitliúcháin lenar féidir leis an ngrúpa réitigh a tháinig as réiteach a chóimheas caipitil iomlán dá dtagraítear in Airteagal 92(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a thabhairt ar ais agus a cheanglas dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ar leibhéal an ghrúpa réitigh fo-chomhdhlúite i gcomhréir leis an bplean réitigh; nó

(b) suim:

(i) an méid caillteanas atá le hionsú i réiteach a chomhfhreagraíonn do chóimheas giarála an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 92(1)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus

(ii) méid athchaipitliúcháin lenar féidir leis an eintitieas a chóimheas giarála dá dtagraítear in Airteagal 92(1)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a thabhairt ar ais i gcomhréir leis an bplean réitigh;

Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 12a(2)(a), sloinnfear an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) i dtéarmaí céatadán mar an méid a ríomhadh i gcomhréir le pointe (a) roinnte ar mhéid na neamhchosanta ar riosca iomlán.

Chun críocha phointe (b) d'Airteagal 12a(2)(b), sloinnfear an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) i dtéarmaí céatadán mar an méid a ríomhadh i gcomhréir le pointe (b) den mhír seo roinnte ar thomhas an chóimheasa giarála.

Socróidh an Bord na méideanna athchaipitliúcháin dá dtagraítear san fhomhír seo i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí réitigh dá bhforáiltear sa phlean réitigh agus féadfaidh sé na méideanna athchaipitliúcháin sin a choigeartú chun na rioscaí a léiriú go leordhóthanach a dhéanann difear do na riachtanais athchaipitliúcháin a thagann as samhail ghnó an eintitis athchaipitliúcháin, as a phróifíl chistiúcháin agus as a phróifíl riosca fhoriomlán.

5. Má bhíonn an Bord ag súil gur féidir go n-eisiafar aicmí áirithe dliteanas incháilithe ón tarrtháil inmheánach faoi Airteagal 27(5) nó go n-aistreofar iad go iomlán chuig faighteoir in aistriú páirteach, ní bheidh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) os cionn méid ar leor é chun:

   (c) méid na ndliteanas eisiata a sainaithníodh i gcomhréir le hAirteagal 27(5) a chumhdach;

   (d) a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2.

6. I gcinneadh an Bhoird íoscheangal cistí dílse agus dliteanas incháilithe a fhorchur faoin Airteagal seo, beidh na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin, lena n-áirítear measúnú iomlán ar na heilimintí dá dtagraítear i míreanna 2 go dtí 5, go háirithe maidir leis an riachtanas agus le leibhéal an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE sa mhéid athchaipitliúcháin.

7. Chun críocha mhír 3 agus mhír 4, léirmhíneofar na ceanglais chaipitil i gcomhréir leis an gcur i bhfeidhm a dhéanann an t-údarás inniúil ar fhorálacha idirthréimhseacha a leagtar síos i gCaibidil 1, Caibidil 2 agus Caibidil 4 de Theideal I de Chuid a Deich de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i bhforálacha na reachtaíochta náisiúnta a fheidhmíonn na roghanna a tugadh do na húdaráis inniúla leis an Rialachán sin.

8. Féadfaidh an Bord an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) a laghdú chun an méid atáthar ag súil a ranníocfaidh scéim ráthaithe taiscí isteach i maoiniú straitéis réitigh na tosaíochta i gcomhréir le hAirteagal 109 de Threoir 2014/59/AE.

   Beidh méid aon laghdaithe den chineál sin bunaithe ar mheasúnú inchreidte ar an ranníocaíocht fhéideartha ón scéim ráthaithe taiscí, agus, ar a laghad:

   (a) beidh sí níos lú ná meastachán stuama ar na caillteanais fhéideartha a bheadh ar scéim ráthaithe taiscí a iompar dá bhfoirceannfaí an institiúid faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, ina mbeadh aicmiú tosaíochta na scéime ráthaithe taiscí curtha san áireamh de bhun Airteagal 108 de Threoir 2014/59/AE;

   (b) beidh sí níos lú ná an teorainn le ranníocaíochtaí na scéime ráthaithe taiscí a leagtar amach sa dara fomhír d'Airteagal 109(5) de Threoir 2014/59/AE;

   (c) cuirfear san áireamh inti an riosca foriomlán go n-ídeofar modhanna airgeadais ar fáil na scéime ráthaithe taiscí de dheasca ranníocaíochtaí a bheith ag teacht uaithi isteach san iomad clistí bainc nó reiteach bainc; agus

   (d) beidh sí comhsheasmhach le haon fhorálacha ábhartha eile sa dlí náisiúnta agus le dualgais agus freagrachtaí an údaráis atá freagrach as an scéim ráthaithe taiscí.

   Déanfaidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás atá freagrach as an scéim ráthaithe taiscí, a chur chuige a dhoiceaméadú i ndáil leis an riosca foriomlán go n-ídeofar modhanna airgeadais ar fáil na scéime ráthaithe taiscí agus laghduithe a chur i bhfeidhm i gcomhréir le fomhír 1, ar choinníoll nach bhfuil riosca iomarcach ann.

*Airteagal 12e*

*An ceanglas a chinneadh maidir le heintitis ar GS-IIanna iad*

1. Beidh an maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe eintitis réitigh ar G-SII nó cuid de G-SII é déanta de na nithe seo a leanas:

   (a) an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus

   (b) aon cheanglas breise maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe arna chinneadh ag an údarás réitigh a bhaineann go sonrach leis an eintiteas i gcomhréir le mír 2, agus comhlíonfar an ceanglas sin le dliteanais a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 12c.

2. Ní fhéadfaidh Bord ceanglas breise maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a fhorchur dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 údarás réitigh ceanglas breise ach:

   (c) mura leor an ceanglas dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 chun na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12d; agus

   (d) a mhéid nach mbeidh méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe os cionn leibhéal atá riachtanach chun coinníollacha Airteagal 12d a chomhlíonadh.

3. I gcinneadh an Bhoird ceangal breise cistí dílse agus dliteanas incháilithe a fhorchur faoi phointe (b) de mhír 1, beidh na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin, lena n-áirítear measúnú iomlán ar na heilimintí dá dtagraítear i mír 2.

*Airteagal 12f*

*Treoir maidir le híoscheanglas na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe*

1. Féadfaidh an Bord treoir a thabhairt d'eintiteas cistí dílse agus dliteanais incháilithe a bheith aige a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 12c agus Airteagal 12h(3) os cionn na leibhéal a leagtar amach in Airteagal 12d agus Airteagal 12e lena bhforáiltear maidir le méideanna breise chun na gcríoch seo a leanas:

   (e) chun caillteanais fhéideartha de chuid an eintitis a chumhdach sa bhreis ar na caillteanais faoi chumhdach Airteagal 12d agus/nó

   (f) chun a áirithiú go mairfidh, i gcás réitigh, muinín mhargaidh leordhóthanach as an eintiteas le hionstraimí caipitil sa bhreis ar an gceanglas i bpointe (b) d'Airteagal 12d(2) (maolán muiníne margaidh').

   Ní thabharfar ná ní ríomhfar an treoir sin ach i ndáil leis an gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) arna ríomhadh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 12a(2).

2. Ní fhéadfar an méid treorach a thabharfar i gcomhréir le pointe (a) de mhír 1 a shocrú ach má shocraigh an t-údarás inniúil a threoir féin i gcomhréir le hAirteagal 104b de Threoir 2013/36/AE agus ní bheidh sí os cionn leibhéal na treorach sin.

   Ní bheidh an méid treorach a thabharfar i gcomhréir le pointe (b) de mhír 1 os cionn méid an chomhcheanglais maoláin dá dtagraítear i bpointe (6) d'Airteagal 128 de Threoir 2013/36/ AE, seachas an ceanglas dá dtagraítear i bpointe (a) den fhoráil sin, mura gá leibhéal níos airde chun a áirithiú go leanfaidh an t-eintiteas, tar éis dhéanamh an réitigh, de na coinníollacha maidir lena údarú a chomhlíonadh ar feadh tréimhse iomchuí nach faide ná bliain amháin.

Déanfaidh an t-údarás réitigh na cúiseanna atá leis an riachtanas sin agus leis an leibhéal treorach a tugadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a chur in iúl don eintiteas agus measúnú iomlán orthu.

3. Má bhíonn eintiteas gan cístí dílse breise agus dliteanais incháilithe bhreise a bheith aige de réir mar a rabhthas ag súil leis faoin treoir dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh an Bord é a cheangal go méadófar méid an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 12d(2) chun an treoir a tugadh de bhun an Airteagail seo a chumhdach.

4. Eintiteas a bhíonn gan cístí dílse breise agus dliteanais incháilithe bhreise a bheith aige de réir mar a rabhthas ag súil leis faoin treoir, ní bheidh sé faoi réir na sriantaí dá dtagraítear in Airteagal 141 de Threoir 2013/36/AE.

*Airteagal 12g*

*An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chinneadh a chur i bhfeidhm maidir le heintitis réitigh*

1. Comhlíonfaidh eintitis réitigh na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 12d go 12f ar bhonn comhdhlúite ar leibhéal an ghrúpa réitigh.

2. Cinnfidh an Bord, tar éis dóibh dul i gcomhairle le húdarás réitigh leibhéal an ghrúpa agus leis an maoirseoir comhdhlúthaithe an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ar leibhéal an ghrúpa chomhdhlúite ar bhonn na gceanglas a leagtar síos in Airteagail 12d go 1 agus ar bhonn cé acu atá nó nach bhfuil fochuideachtaí tríú tír an ghrúpa le réiteach in éineacht leis an eintiteas réitigh de réir an phlean réitigh.

*Airteagal 12h*

*An ceanglas a chur i bhfeidhm maidir le h eintitis incháilithe nach eintitis réitigh iad féin*

1. Comhlíonfaidh institiúidí ar fochuideachtaí d'eintiteas imréitigh iad agus nach eintitis réitigh iad féin na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 12d go dtí 12f ar bhonn aonair.

Féadfaidh údarás imréitigh, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás inniúil agus BCE, cinneadh an ceanglas a leagtar síos san Airteagal sin a chur i bhfeidhm ar eintiteas dá dtagraítear i bpointí (b), (c) nó (d) d'Airteagal 1(1) de Threoir 2014/59/AE ar fochuideachta d'eintiteas réitigh é agus nach eintiteas réitigh é féin.

2. Beidh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) maidir le heintitis dá dtagraítear sa chéad mhír faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonfaidh an t-eintiteas réitigh an ceanglas comhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 12g;

(b) cumhdófar suim na gceanglas go léir atá le cur i bhfeidhm ar fhochuideachtaí an ghrúpa imréitigh agus ní sháróidh sí an ceanglas comhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 12g murar iad éifeachtaí an comhdhlúite ar leibhéal an ghrúpa réitigh i gcomhréir le hAirteagal 12g(1) agus iad sin amháin is cúis leis sin;

(c) comhlíonfaidh sé na critéir incháilitheachta dá bhforáiltear i mír 3;

(d) ní sháróidh an ceanglas ranníocaíocht na fochuideachta leis an gceanglas comhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 12g(1).

(e) comhlíonfaidh sé na critéir incháilithe dá bhforáiltear i mír 3.

3. Comhlíonfar an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(a) dliteanais

(i) a eisítear don eintiteas imréitigh agus ar cheannaigh an t-eintiteas réitigh sin iad;

(ii) a chomhlíonfaidh na critéir incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72a, ach amháin maidir le pointe (b) d'Airteagal 72(b) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(iii) a rangaítear i ngnáthnósanna imeachta dócmhainneachta níos ísle ná dliteanais cé is moite de dhliteanais atá incháilithe do cheanglais cistí dílse a eisítear d'eintitis eile nach an t-eintiteas réitigh iad agus a gceannaíonn na heintitis sin iad.

(iv) atá faoi réir ag an gcumhacht díluachála nó comhshó i gcomhréir le hAirteagal 21 atá comhsheasmhach le straitéis réitigh an ghrúpa réitigh, is é sin go háirithe gan difear a dhéanamh don rialú a dhéanann an t-eintiteas réitigh ar an bhfochuideachta.

(b) cistí dílse incháilithe a eisítear d'eintitis eile cé is moite den eintiteas réitigh agus a gceannaíonn an t-eintiteas sin iad i gcás nach ndéanann feidhmiú cumhachtaí díluachála agus comhshó i gcomhréir le hAirteagail 21 difear don rialú a dhéanann an t-eintiteas réitigh ar an bhfochuideachta.

4. Faoi réir chomhaontú an Bhoird, féadfar an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) a chomhlíonadh le ráthaíocht ón eintiteas réitigh arna thabhairt dá fhochuideachta, lena chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) cuirtear an ráthaíocht ar fáil maidir leis an méid atá coibhéiseach le méid an cheanglais a dtéann sé ina ionad;

(b) déantar an ráthaíocht a thionscnamh nuair nach bhfuil sé ar chumas na fochuideachta a fiacha nó dliteanais eile a ghlanadh nuair a bheidh siad dlite nó nuair a dhéantar cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 21(3) i dtaca le fochuideachta, cibé acu is túisce a tharlóidh;

(c) déantar an ráthaíocht a comhthaobhú le socrú airgeadais comhthaobhach mar a shainítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2002/47/EC ar 50 faoin gcéad dá méid ar a laghad;

(d) déantar an ráthaíocht agus an socrú airgeadais comhthaobhach a rialú faoi dhlíthe an Bhallstáit ina bhfuil an fhochuideachta bunaithe murar shainigh an Bord a mhalairt;

(e) comhlíonann an chomhthaobhacht lena thacaítear an ráthaíocht ceanglais Airteagal 197 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, méid atá leordhóthanach, agus caolchorrlaigh atá coimeádach go hiomchuí curtha i bhfeidhm, chun an méid a rathaítear a chumhdach go hiomlán;

(f) tá an chomhthaobhacht lena dtacaítear leis an ráthaíocht neamhualaithe agus ní úsáidtear go háirithe í chun tacú le haon ráthaíocht eile;

(g) tá aibíocht éifeachtach ag an gcomhthaobhacht a chomhlíonann an coinníoll aibíochta céanna dá dtagraítear in Airteagal 72c(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; agus

(h) níl aon bhacainní dlíthiúla, rialála nó oibríochtúla ar aistriú na comhthaobhachta ón eintiteas réitigh chuig an bhfochuideachta ábhartha, i gcás ina ndéantar an gníomh réitigh i dtaca leis an eintiteas réitigh san áireamh.

*Airteagal 12i*

*Tarscaoileadh an íoscheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chur i bhfeidhm ar eintitis nach eintitis réitigh iad*

Féadfaidh an Bord cur i bhfeidhm Airteagail 12h maidir le fochuideachta eintitis réitigh atá suite i mBallstát atá rannpháirteach a tharscaoileadh go hiomlán i gcás:

(a) ina bhfuil an fhochuideachta agus an t-eintiteas réitigh araon suite sa Bhallstáit atá rannpháirteach chéanna;

(b) ina gcomhlíonann an t-eintiteas réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12g;

(c) nach ann do bhac ábhartha praiticiúil nó dlíthiúil, ná súil le bac den sórt sin, ar an eintiteas réitigh cistí dílse a aistriú agus dliteanais a aisíoc go pras leis an bhfochuideachta i dtaca lena ndearnadh cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 21(3), go háirithe nuair a dhéantar gníomh réitigh i dtaca leis an eintiteas réitigh.

*Airteagal 12g*

*Sáruithe ar an gceanglas*

1. Tabharfaidh an Bord agus údaráis ábhartha eile aghaidh ar aon sárú ar an íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe trí bhíthinn ceann amháin, ar a laghad, de na modhanna seo a leanas:

(a) Na cumhachtaí aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar inréititheacht nó iad a dhíothú i gcomhréir le hAirteagal 10;

(b) bearta dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/CE.

(c) bearta luath-idirghabhála i gcomhréir le hAirteagal 13;

(d) pionóis riaracháin agus bearta riaracháin eile i gcomhréir le hAirteagal 110 agus Airteagal 111 de Threoir 2014/59/AE;

2. Rachaidh an Bord, údaráis réitigh agus údaráis inniúla Ballstát rannpháirteach i gcomhairle le chéile nuair a fheidhmeoidh siad a gcumhachtaí féin dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) de mhír 1."

6. Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (2):

'2. Déanfaidh an Bord gníomhaíocht réitigh i ndáil le máthairghnóthas dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2 i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18(1).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (3):

'3. D'ainneoin nach gcomhlíonann máthairghnóthas na coinníollacha a leagtar síos Airteagal 18(1), féadfaidh an Bord cinneadh ar ghníomhaíocht réitigh a dhéanamh maidir leis an máthairghnóthas sin más eintiteas réiteach é agus má chomhlíonann sé fochuideachta amháin nó níos mó dá chuid fochuideachtaí ar institiúidí iad agus nach eintitis réitigh iad na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18(1) agus más rud é go gcuirfeadh cliseadh a sócmhainní agus a ndliteanais an institiúid nó an grúpa ina iomláine i gcontúirt agus más gá gníomhaíocht réitigh a dhéanamh maidir leis an máthairghnóthas sin na fochuideachtaí sin a réiteach ar institiúidí iad nó chun an grúpa ina iomláine a réiteach.'.

7. Cuirtear 'ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe' in ionad 'ionstraimí caipitil ábhartha' i bpointe (b) d'Airteagal 18(1).

8. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) d'Airteagal 20(5):

'(c) nuair a chuirfear i bhfeidhm an chumhacht ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe a dhíluacháil nó a chomhshó i gcomhréir le hAirteagal 21(7), chun an cinneadh faoi mhéid an chealaithe nó an chaolaithe i dtaca le hionstraimí úinéireachta, agus faoi mhéid na díluachála nó an chomhshó i dtaca le hionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe a chur in iúl;

9. Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Díluacháil agus comhshó ionstraimí caipitil agus dliteanas incháilithe'

(b) cuirtear 'ionstraimí caipitil agus dliteanais incháilithe' in ionad 'ionstraimí caipitil' sa chéad abairt de mhír (1)

(c) cuirtear 'ionstraimí caipitil agus dliteanais incháilithe' in ionad 'ionstraimí caipitil' i bpointe (b) de mhír (1);

(d) cuirtear 'ionstraimí caipitil agus dliteanais incháilithe' in ionad 'ionstraimí caipitil' i bpointe (b) de mhír (3);

(e) cuirtear 'ionstraimí caipitil agus dliteanais incháilithe' in ionad 'ionstraimí caipitil' sa dara fomhír de mhír (8);

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (7):

'7. Má chomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Bord, agus é ag gníomhú faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 18, cinneadh an bhfeidhmeofar na cumhachtaí ionstraimí caipitil ábhartha a dhíluacháil nó a chomhshó go neamhspleách nó, i gcomhréir leis an nós imeachta faoi Airteagal 18, i gcomhcheangal le beart réitigh.

Ní fhéadfar an chumhacht dliteanais incháilithe a dhíluacháil nó a chomhshó a fheidhmiú neamhspleách ar ghníomhaíocht réitigh ach amháin maidir le dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 12(3), seachas an choinníoll a bhaineann le haibíocht ar marthain dliteanas.'.

(g) cuirtear an pointe seo a leanas le mír (10):

'(d) go ndíluachálfar nó go gcomhshóitear príomhshuim na n-ionstraimí incháilithe dá dtagraítear i mír 7 in ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó an dá rud, a mhéid is gá chun na cuspóirí réitigh a leagtar amach in Airteagal 14 a chomhlíonadh nó de réir chumas na n-ionstraimí caipitil ábhartha, cibé acu is ísle.'.

*Airteagal 6*
*Teacht i bhfeidhm*

1. Tiocfaidh an Rialachán leasaithe seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo faoi cheann 18 mhí ó dháta a theacht i bhfeidhm.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |